

05



museum

National Museum of Ireland  
Ard-Mhúsaem na hÉireann

annual

report 2005

## LIST OF IMAGES

- P.10 : When Philip met Isabella - National Museum of Ireland - Decorative Arts & History
- The Endurance: Shackleton's Legendary Antarctic Expedition, National Museum of Ireland - Decorative Arts & History
- P.11 : The Endurance: Shackleton's Legendary Antarctic Expedition, National Museum of Ireland - Decorative Arts & History
- P.12 : When Philip met Isabella - National Museum of Ireland - Decorative Arts & History
- P.13 : Porcelain vessel by Cork artist Sara Flynn
- P.15 : Amphora, Cyprus, 600 - 400 BC
- p.16 : Gold Lunula, probably Co. Sligo, circa 2000 BC
- P.19 : St Patrick's Cross, Co Kildare
- P.21 : Saint Brigid's Cross, South Ulster
- P.22 : Mug from the collection of Transfer and Spongeware Mugs acquired by the Irish Folklife Division, 2004
- P.23 : Mug from the collection of Transfer and Spongeware Mugs acquired by the Irish Folklife Division, 2004
- P.25 : National Museum of Ireland - Natural History
- P.26 : Group of Badgers *Meles meles* prepared by William & Son in 1911
- P.27 : Freshwater pearl mussel *Margaritifera Margaritifera*
- P.28 : Plain tiger butterfly, India
- P.29 : National Museum of Ireland - Natural History
- P.30 : Pewter Flagon, circa 1500
- P.31 : Three Ceramic Figures, circa 600 - 480
- P.32 : Clonycavan Man, Co. Meath
- P.36 : Kildare Harp made in 1672 for Robert Fitzgerald, 16th Earl of Kildare
- P.37 : The Endurance: Shackleton's Legendary Antarctic Expedition, National Museum of Ireland - Decorative Arts & History
- P.38 : Pewter Measures, Dublin, 18th century
- P.39 : Pewter Communion Cup, Dublin, mid 18th century
- P.46 : Stoke's Tapestry, British Army soldier Stephen Stokes made this textile while stationed in Ireland, circa 1849
- P.47 : Stoke's Tapestry, British Army Soldier Stephen Stokes made this textile while stationed in Ireland, circa 1849
- P.51 : The Riding School, national Museum of Ireland - Decorative Arts & History
- P.56 : Elizabethan Coin Hoard, circa 1600

museum

National Museum of Ireland  
Ard-Mhúsaem na hÉireann

annual

report 2005



<b>CONTENTS</b>	<b>Introduction</b>	<b>Réamhrá</b>		
	Message from the Chairman of the Board of the National Museum of Ireland	Teachtaireacht ó Chaithaoirleach		
	Introduction by the Director of the National Museum of Ireland	Ard-Mhúsaem na hÉireann		
	4 - 7	Réamhrá ó Stiúrthóir		
		Ard-Mhúsaem na hÉireann		
		4 - 7		
	<b>Collections</b>	<b>Bailiúcháin</b>		
	Art and Industry	Ealaíon agus Tionscal	8-11	CLÁR
	Irish Antiquities	Seaniarsmai Éireann	12-16	
	Irish Folklife	Saoi Tíre Éireann	17-21	
	Natural History	Stair an Dúlra	22-26	
	Conservation	Caomhantas	28-31	
	Registration	Clárúchán	32-33	
	Exhibitions	Taispeántais	34-37	
	<b>Services</b>	<b>Seirbhísi</b>		
	Capital Projects	Tionscadail Chaipitil	38-39	
	Education and Outreach	Oideachas agus For-rochtain	40-41	
	Marketing	Margaíocht	42-43	
	Photography	Grianghrafnacht	44	
	Design	Dearadh	47	
	Accommodation and Security	Foircintí agus Slándáil	48	
	<b>Administration</b>	<b>Riarachán</b>		
	General	Ginearálta	50	
	Financial Management	Bainistíocht Airgeadais	50-51	
	Human Resource Management	Bainistíocht Daonacmhainní	51-52	
	IT	TF	52-53	
	Cash Reporting - 1st January 2005 - 2nd May 2005	Ráitis Airgeadais don tréimhse 1ú Eanair 2005	55-56	
	Financial Statements 3rd May 2005 - 31st December 2005	go 2ú Bealtaine 2005	55-56	
		Ráitis Airgeadais don tréimhse 3ú bealtaine 2005		
		go 31ú Nollaig 2005	57-73	
	<b>Publications by Museum Staff</b>	<b>Foilseachán Fhoireann an Mhúsaem</b>	<b>74-76</b>	
	<b>Board of the National Museum of Ireland</b>	<b>Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann</b>	<b>77</b>	
	<b>Staff Directory</b>	<b>Eolaire Foirne</b>	<b>78-81</b>	

MESSAGE FROM THE  
CHAIRMAN OF THE BOARD  
OF THE NATIONAL MUSEUM  
OF IRELAND

2005 was a landmark year for the National Museum of Ireland. Fundamental changes in the governance of the National Museum took place, arising from the decision of Mr. John O'Donoghue, T.D., Minister for Arts, Sport and Tourism, to enable the National Cultural Institutions Act, 1997. A Board was appointed by the Minister in May, 2005. I have the honour to be its first Chairman and to serve with a distinguished group of fellow members. A new structure has been put in place to govern the National Museum of Ireland and to steer it forward as an autonomous semi-state Institution under the provisions of the 1997 Act, in the years ahead.

The inaugural meeting of the newly appointed Board of the National Museum took place on May 26th, 2005 at our Kildare Street building in Dublin. It was addressed by the Minister, who warmly welcomed the members and myself and outlined the mandate of the Board and the important challenges that he felt would face the Museum in the future. He stressed his commitment to the institution and his support for its need to have resources commensurate with its importance in the cultural life of the country. One of the great Late Bronze Age gold gorgets from North Munster was chosen as an appropriate foreground photograph for the occasion.

The new Board immediately got down to its work with dedication and vigour. Conscious of its mandate, the Board has laid foundations and structures upon which new arrangements will be operated, developed and carried forward. The Board, in cooperation with the Director, will formulate policies and devise strategies and plans which will develop and advance the National Museum of Ireland at the beginning of this new century and into the future. Due acknowledgement has to be paid to the previous Caretaker Board and its Chairperson, Barbara Nugent, and to all that has been achieved at the Museum over the previous decade, particularly its expansion to Collins Barracks and Turlough Park House, Castlebar, Co. Mayo.

The Board has set up three internal committees specifically to address detailed areas of its work and responsibilities. To date, these committees are working well and to exciting agendas to meet the extensive work of the premier national cultural institution, the only one with four branches and also, uniquely to date, with a branch outside Dublin.

One such advisory committee, the statutory General Public Advisory Committee, is defined in Section 23 of the Act.

Bliain eisceachtúil ab ea 2005 d'Ard-Mhúsaem na hÉireann. Rinneadh athruiithe bunúsacha mar thoradh ar chinneadh an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, John O'Donoghue, T.D., Acht na nInstitiúidi Náisiúnta Cultúrtha, 1997 a achtú. Cheap an tAire Bord i mBealtaine, 2005. Tá sé d'onór agam a bheith mar an chéad Chathaoirleach agus cuireadh a fháil ón Aire fónamh le grúpa oirice comhaltaí. Cuireadh struchtúr nua i bhfeidhm chun Ard-Mhúsaem na hÉireann a rialú agus a stiúradh ar aghaidh mar Institiúid leath-stáit uathrialach faoi fhorálacha Acht 1997, sna blianta romhainn.

Tionóladh cruinníu tionscanta Bhoird nuacheaptha an Ard-Mhúsaem ar 26 Bealtaine, 2005 ag ár bhfoigineamh i Sráid Chill Dara i mBaile Átha Cliath. Thug an tAire óráid ag an gcrúinníu agus d'fhearr fíorchoain fáilte roimh na comhaltaí agus romham féin agus thug srac-chuntas ar shainordú an Bhoird agus ar na dúshláin thábhachtacha a mheasann sé a bheidh romhainn sa todhchaí. Leag sé béim chomh maith ar a thiomantas don institiúid agus dá thacaiocht don riachtanas go mbeadh a acmhainni ar aon dul lena tábhacht i saol cultúrtha na tíre. Roghnaíodh ceann de scornáin óir mhóra na Cré-Umhaoise Déanaí ó Mhumha Thuaidh mar ghrianghraf tulra cui don ócaid.

Chrom an Bord ar a chuid oibre láithreach le dúthracht agus le fuinneamh. Ag smaoineamh ar a shainordú tá dúshraitheanna agus struchtúr leagtha síos ag an mBord ar a mbeidh na socruithe nua á bhfeidhmíú, á gceapadh agus á dtabhairt ar aghaidh. Ceapfaidh an Bord beartais, straitéisí agus pleannanna i gcomhar leis an Stiúrthóir a fhobróid Ard-Mhúsaem na hÉireann agus a chuirfidh chun cinn é ag túis aoise nua agus isteach sa todhchaí. Gabhadh buíochas cuí leis an mBord Airigh a bhí ann roimhe agus lena Chathaoirleach, Barbara Nugent, as gach a baineadh amach ag an Mhúsaem le deich mbliana, go háirithe leathnú an Mhúsaem ag Dún Uí Choileáin agus ag Teach Pháirc Thurlough, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo.

Tá trí cinn de choistí inmheánacha curtha ar bun ag an mBord chun diríú go sonrach ar réimsí ar leith dá chuid oibre agus dá chúramí. Go nuige seo, tá na coistí seo ag obair go maith agus tá cláir oibre spreagúla ceaptha acu chun an obair leitheadach atá idir láhma ag an bpriomhinstiúid náisiúnta cultúrtha a chur i gcrích. Is é an Músaem an t-aon institiúid náisiúnta a bhfuil ceithre chraobh aige, mar aon le ceann amháin acu lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, rud nach bhfuil ag aon institiúid náisiúnta eile go fóill.

TEACHTAIREACHT Ó  
CHAITHAOIRLEACH ARD-  
MHÚSAEM NA HÉIREANN

## MESSAGE FROM CHAIRMAN OF THE BOARD OF THE NATIONAL MUSEUM OF IRELAND

It is concerned with assisting the Board in relation to matters pertaining to the public exhibition of heritage objects in the collections of the Museum, and with the provision of information and the dissemination of literature relating to those objects to members of the public, including education programmes identified by the Board. Other internal committees have been set up in the context of the effective carrying out of the Board's work on matters of development, strategy and audit function.

I have to say that, while I have been impressed with all that is going on at the different branches of the Museum, particularly exhibitions, lectures, conferences and various publications, I am equally impressed by the Museum's extensive plans for the second phase at its Collins Barracks site, where the great national collections of ethnography, geology and Irish history will be exhibited. The need for centralised storage and the remedies for this have been borne home to me, and already some useful discussions have taken place on this important subject.

The National Museum has had record attendances in 2005, an increase of 9.7% on the previous year. It looks forward to the growth in attendance numbers in years ahead.

I had the personal honour of launching an exhibition on Irish pewter, and of presiding at the opening of an important exhibition on Cypriot archaeology, launched by President Papadopoulos who came to Ireland especially for this occasion. A further highlight in our first (admittedly short, May to December!) year was the conference at Collins Barracks on the work of the designer Eileen Gray.

I would like to thank especially the Minister, John O'Donoghue, and the staff of the Department of Arts, Sport and Tourism for the support given to the National Museum at this crucial time. This support is and will be ongoing. I would also like to thank the Office of Public Works and its staff for the very high standard of work which it has done and continues to do for the Museum.

The Board would wish to express its special thanks to the Director and his staff at the National Museum for their dedication and commitment to the varied work being done at this time of fresh challenge at the Museum.

The Board looks forward with confidence and determination to the work and challenges ahead.

Ar aghaidh leis an obair!

Dr. John O'Mahony SC

Chairman, Board of the National Museum of Ireland

Tugtar sainmhíniú in Alt 23 den Acht ar cheann de na coistí comhairleacha sin, an Coiste Ginearálta Comhairleach Poiblí ar coiste reachtúil é. Is é a chúram cuidiú leis an mBord i ndáil le cursaí a bhaineann le déantán oidhreachta i mbailíúcháin an Mhúsaem a chur ar taispeáint phoiblí, mar aon le heolas agus litriocht i dtaobh na ndéantán sin a sholáthar don phobal i gcoitine, agus i dtaoth aon gclár oideachais a d'aithin an Bord Bunaíodh coisti' inmhéánacha eile chun obair an Bhoird a chur i grích go héifeachtach lena n-áirítear cursaí forbartha agus straitéis agus an theidhm iniúchóireachta.

Ní foláir dom a rá gur thug mé dea-thuairim den méid atá ar siúl ag craobhacha éagsúla an Mhúsaem, go háirthe na taispeántais, na léachtaí, na comhdhálacha agus na foilseacháin éagsúla, agus go ndeachaigh pleannanna leitheadacha an Mhúsaem don dara céim forbartha ag láithreán Dhún Uí Choileáin go mór i bhfeidhm orm. Is ann a chuirfear na bailíúcháin mhóra náisiúnta eitneagrafaíochta, geolaíochta agus stair a hÉireann ar taispeáint. Tuigim go maith an gá atá le stóráil lárnach agus do réitigh ar an bhfadhb seo agus bhí roinnt comhráite úsáideacha ann cheana féin ar an gceist thábhachtach seo.

Thug 9.7% níos mó daoine cuairt ar an Músaem sa bhliain 2005 ná sa bhliain roimhe. Tá síul go leanfaidh an méadú seo ar an lón cuairteoirí sna blianta romhainn.

Bhí sé d'onóir phearsanta agam taispeántas ar earraí péatair na hÉireann a oscailt, agus a bheith i gceannas nuair a d'oscail an tUachtaráin Papadopoulos taispeántas tábhachtach ar ailtireacht na Cipire, tar éis teacht dó go hÉirinn go speisialta don ócáid. Buaicphointe eile sa chéad bhliain (bíodh is gur bhliain ghearr a bhí inti, ó Bheatlaine go Nollaig!) ná comhdháil ag Dún Uí Choileáin ar shaothar an dearthóra Eileen Gray.

Ba mhaith liom mo bhúiochas a ghabháil go speisialta leis an Aire, John O'Donoghue, agus le foireann na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta as an tacáocht a thug siad don Ard-Mhúsaem ag an am ríthábhachtach seo. Tacáocht leanúnach a fuarthas uathu agus leanfaidh sé mar sin. Ba mhaith liom mo bhúiochas a ghabháil chomh maith le hOifig na nOibreacha Poiblí agus lena foireann as an obair ar ardchaighdeán a rinneadh agus atá á déanamh don Mhúsaem.

Ba mhian leis an mBord a bhúiochas ar leith a ghabháil leis an Stiúrthóir agus lena foireann ag Ard-Mhúsaem na hÉireann as a dtiomantas agus a ndúthracht agus iad i mbun na hoibre dushláin atá ar siúl faoi láthair sa Mhúsaem.

Tá an Bord ag tnúth go muiníneach leis an obair agus leis na dushláin atá romhainn.

Ar aghaidh leis an obair!

An Dr. John O'Mahony SC

Cathaoirleach, Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann

## INTRODUCTION BY THE DIRECTOR OF THE NATIONAL MUSEUM OF IRELAND

2005 saw the transition of the National Museum of Ireland from the civil service, in the Department of Arts, Sport and Tourism, to self-governing independent status as a government agency with a Board appointed by the Minister for Arts, Sport and Tourism. The collections remain the property of the State, and the Office of Public Works continues to have ownership of the Museum's buildings on behalf of the State and responsibility for their maintenance and upkeep.

Staffing numbers, grades and pay will continue to be subject to the guidelines and sanction of the Department of Finance through the Department of Arts, Sports and Tourism. National Museum funding will be part of the government annual estimates process under the Department of Arts, Sport and Tourism. Members in administrative positions have two years from the date of the National Museum's autonomy (3rd May 2005) in which to decide to remain in the Museum or revert to the wider civil service. The position of the Museum and that of the Office of Director, as mentioned in other relevant Acts including the National Monuments Act and their revisions, remain unchanged.

I am happy to echo the spirit of optimism for the future of the National Museum of Ireland as highlighted by the Chairman. I wish to assure the Minister, his Department and the Chairman that I will do everything to ensure the rapid and successful completion of the changeover, and to use it to capitalise on opportunities to promote the development of the National Museum. I want to thank my colleagues for their understanding, cooperation and support for what is a worrying time of change for some. I am confident that the Museum will prosper, expand and take full advantage of its new rules of governance, and that it will realise its destiny as Ireland's premier national cultural institution and one of the great national museums of Europe.

In leaving the civil service and reporting through the Board to the Minister for Arts, Sport and Tourism to which the Museum has been responsible since 2002, may I, on behalf of my predecessors, myself and the present staff, thank the various Ministers, their Departments and particularly their officials and staffs with whom we have worked since the foundation of the State in 1922. These include the Department of Education (1922 to 1985), the Taoiseach's Department (1985-1992), Arts and Culture (1992-1997) and its successor Arts, Heritage, Gaeltacht and the Islands (1997-2002). I also wish to acknowledge the Museum's indebtedness to our former fellow civil

*Chonacthas aistriú Ard-Mhúsaem na hÉireann ó stádas Roinn Státseirbhísé – An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta – go stádas uathrialach neamhspleách mar ghníomhaireacht rialtais faoi cheannas Boird a cheap an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Maoin an Stát atá sna bailiúcháin i gcónai agus tá úinéireacht ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar fhoirgnimh an Mhúsaem ar son an Stát mar aon le cúram i ndáil lena gcothabháil.*

*Beidh lion na foirne, gráid agus pá faoi réir threoirínte agus ceadú na Roinne Airgeadais i gcónai tríd an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Beidh maoiniú an Mhúsaeim mar chuid de phróiseas meastachán bhliantúil an rialtais faoin Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Tá dhá bhliain ag comhaltaí i bpoist riarrachán ó dháta uathrialachas an Mhúsaeim (3ú Bealtaine 2005) chun a shocru ar mhaith leo fanacht sa Mhúsaem nó dul ar ais chuig an Státseirbhís i gcoitinne. Fanann staid an Mhúsaeim agus oifig an stiúrthóra gan athrú mar a luadh cheana iad in achtanna ábhartha eile lena n-áiritear Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta agus leasuithe orthu.*

*Tá áthas orm cur le spiorad an tsairbhíochais a léirigh an Cathaoirleach i dtaca le todhchaí Ard-Mhúsaem na hÉireann . Is mian liom a dhearbhú don Aire, dá Roinn agus don Chathaoirleach go ndéanfaidh mé gach is féidir leis an athrú a thabhairt chun críche go tapa agus go rathúil agus bainfidh mé gach buntáiste as chun forbairt an Mhúsaeim a chur chun cinn. Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe as a dtuiscint, a gcomhar agus a dtacaíocht le linn thréimhse seo an athraithe, tréimhse ina raibh údar imní ag go leor daoine. Táim cinnte go dtiocfaidh bláth agus leathnú ar an Mhúsaem agus go mbainfidh sé lánbhuntáiste as rialacha nua rialachais. Ní fada go mbeidh sé ar phriomhinstítiúid náisiúnta chultúrtha na hÉireann agus ar cheann de mhúsaeim mhóra náisiúnta na hEorpa.*

*Agus mé ag fágáil na Státseirbhísé agus ag tuairisciú tríd an Bhord don Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta a raibh an Músaem freagrach dó ó 2002 i leith, ba mhaith liom ar mo shon féin agus ar shon mo réamhtheachtaithe, agus na foirme reatha buiochas a ghabháil leis na hAírí éagsúla, a Ranna agus go háirithe a n-oifigigh agus a bhfoime ar oibríomar i gcomhar leo ó bunaíodh an Stát sa bhliain 1922. Orthu seo bhí an Roinn Oideachais (1922 go 1985), Roinn an Taoisigh (1985-1992), An Roinn Ealaíon agus Cultúir (1992-1997) agus a iarthearachtaí an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán (1997-2002).*

## RÉAMHRÀ Ó STIÚRTHÓIR ARD-MHÚSAEM NA HÉIREANN

INTRODUCTION BY THE  
DIRECTOR OF THE  
NATIONAL MUSEUM  
OF IRELAND

servants in the Department of Finance and the Office of Public Works and am relieved that these relationships and working associations will change very little, in the short-term at least, even though we are no longer directly part of the civil service.

I wish to acknowledge the institution's indebtedness to both the Interim and Caretaker Boards and their Chairperson Mrs Barbara Nugent. These were set up to facilitate the implementation of the Act, to oversee the transition intended by the empowerment of the Act, and to oversee the expansion of the Museum to both the Collins Barracks (Dublin) and the Turlough Park House (Castlebar, Co. Mayo) sites.

The single biggest achievement of the Museum in 2005 must be the bringing of the exhibition about the Irish-born explorer Sir Ernest Shackleton to our newly opened temporary exhibition gallery, the Riding School in Collins Barracks. The success of this, along with the special exhibition on Philip Treacy's hats which followed it, combined with the proximity of the newly opened Luas line to the front gate of Collins Barracks to bring thousands of extra visitors to our new Dublin site, establishing it as one of the most popular and informative visitor attractions in the capital. This success has given the staff and myself a fillip towards our goal of breaking the 200,000 figures next year and I thank Seamus Lynam, the Head of Services, in particular, for this milestone achievement.

The wisdom of our predecessor Directors and curators and the magnitude of their achievements continue to impress me. That most of the important artefacts in the Cypriot exhibition are part of our own collection is a case in point. So is the fortuitous recovery in 2005 of the National Museum's former Circulation Collection, from an attic at Bolton Street Institute of Technology. This collection was originally assembled in our workshops for circulation around the island to clubs and schools, mostly by train, in the great decade in the Museum's history before World War I when the institution was part of the then new Department of Agriculture and Technical Instruction. It is a joy to revisit this collection to study and exhibit it, not least in order to signify our revived commitment to education and outreach.

Patrick F. Wallace  
Director  
National Museum of Ireland  
September 2006

*Ba mhaith liom a rá chomh maith go bhfuil an Músaem faoi chomaoin ag na státseirbhisigh sa Roinn Aigéadais agus in Oifig na nOibreacha Poiblí a d'oibrigh linn go dtí seo agus tá áthas orm nach dtiocfaidh aon athrú suntasach ar an gcaidreamh pearsanta agus oibre a bhí againn, sa ghearrthéarma ar a laghad, cé nach cuid den statseirbhís sinn a thuilleadh.*

*Ba mhaith liom a rá chomh maith go bhfuil an institiúid faoi chomaoin ag na Bord Idirlinne agus Airígh agus ag a gCathaoileach, Mrs Barbara Nugent. Bunaídh na boird seo chun cur feidhme an Acharta a éascú, chun maoisíú a dhéanamh ar an aistíú a bhí ceaptha ag cumhachtú an Acharta agus ar leathnú an Mhúsaeim go láithreáin ag Dún Uí Choileáin (Baile Átha Cliath) agus ag Teach Pháirc Thurlaigh (Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo).*

*An éacht ba mhó a chuir an Músaem i gcíoch sa bhliain 2005 ná an taispeántas faoin taisceálaí, Sir Ernest Shackleton, a rugadh in Éirinn a thabhairt chuig ár ngailearái taispeántais sealadach a oscalaodh le deireanas, an Scoil Eacáiochta i nDún Uí Choileáin. Chuidigh an rath a bhí ar an taispeántas seo mar aon le taispeántas speisialta de hataí Philip Treacy a lean é agus cóngaracht na líne Luais nua-oscailte os comhair gheata tosaigh Dhún Uí Choileáin chun na mílte cuairteoirí breise a mhealladh go dtí ár láithreán nua i mBaile Átha Cliath, rud a bhunaigh é mar cheann de na háiteanna is mó díol spéise do chuaireoirí sa phríomhchathair. Thug an rath seo ugach don fhoireann agus dom féin iarrachta dhéanamh an figiúr de 200,000 cuairteoir sa bhliain a shárú an bhliain seo chugainn agus ba mhaith liom buiochas a ghabháil go háirthe le Seamus Lynam, Ceannasaí Seirbhísí, as an éacht chloch mhíle seo.*

*Tugaim dea-thuairim i gcónaí do ghaois na stiúrthóirí agus na goimeádaithe a chuaigh romham agus do mhéad a n-éachtaí. Léiriú ar an ngaois sin ná go bhfuil formhór na ndéantán tábhachtach sa taispeántas Cipreachanois mar chuid dár mbailiúchán fein. Is amhlaidh i gcás iarbhalliúchán cioclaíochta an Mhúsaeim a fritheadh ar an dea-uair i gcaitheamh na bliana ag Institiúid Teicneolaíochta Shráid Bholton. Cuireadh é sin i dtoll a chéile a chéad uair inár gceardlanna le scaipeadh timpeall an oiléain ar chlubanna agus ar scoileanna, ar an traein den chuid is mó, sna deich mbliana móra de stair an Mhúsaeim roimh an Chéad Chogadh Mór nuair a bhí an institiúid mar chuid den Roinn Talmhaíochta agus Teagasc Teicniúil, mar a bhí ag an am. Cúis áthas is ea é athchuaireacht a thabhairt ar mbailiúchán seo chun grinnstaídéar a dhéanamh air agus é a chur ar taispeáint, ó léirionn sé ar an rud is lú de ár dtiomantas athbheoite i leith an oideachais agus na for-rochtana.*


RÉAMHRÀ Ó STIÚRTHÓIR  
ARD-MHÚSAEM  
NA HÉIREANN

Patrick F. Wallace  
Stiúrthóir  
Ard-Mhúsaem na hÉireann  
Meán Fómhair 2006

The Division is responsible for over a quarter of a million artefacts reflecting Irish economic, social, industrial, political and military history over the last three centuries. In addition, the staff care for collections of Irish, European and Oriental decorative arts, which give an understanding of oriental design and culture as they relate to Ireland.

#### ART AND INDUSTRY

2005 was an extremely busy and productive one for the Division, especially in the area of exhibitions. During the year, work on the Military History exhibition continued; a large body of research was carried out and work on the final design progressed. Preparatory work began on the ninetieth anniversary exhibition of the 1916 Easter Rising. Temporary exhibitions included *Toy Stories; Not Just Pots: Irish Ceramics of the 21st Century; Arnotts Ceramic Design Award* for undergraduate NCAD students; *Rosemount Wines Glass Design Award* for undergraduate NCAD students; *Light and Time – The Hamilton Year; Early Irish Harps; Ireland's Forgotten Metal: The Story of Pewter; St. Valentine's Day*, a display of Valentine cards from the NMI collections; and *Ages of Elegance 1750 - 1950, Springhill Costume Collection*, National Trust, Northern Ireland Region. Divisional staff also assisted in *When Philip Met Isabella*, a touring exhibition of Philip Treacy hats from Design Museum, London, and *The Endurance: Shackleton's Legendary Antarctic Expedition*, a touring exhibition from the American Museum of Natural History.



Important purchases during the year included additions to the contemporary collections of Jewellery, Glass and Ceramics, all made in conjunction with the Crafts Council of Ireland. Additions made to the Period Furniture collection included a longcase clock by Bull and Jervis, Waterford, about 1830; a secretaire cabinet by Gillingtons, Dublin, about 1800; and a console table by Arthur Jones and Sons, Dublin, about 1850. Other purchases included a Eugene Sheerin-painted Belleek breakfast service; a Belleek 1st period table-centre; glass sculpture by Caroline Madden; glass sculpture by Roisin DeBuitlear; a ceramic punchbowl by Ann Marie Robinson; four ceramic pots by Robert Monaghan; an 18th -century silver brocade sacque back robe; an 1890s bathing dress and shoes; 1920s bathing costumes; and a leather handbag, 2005, by Holden Leathergoods, Co. Kerry.

Tá cúram ar an Roinn i leith breis is ceathrú milliún déantán a léiríonn stáir eacnamaíoch, shóisialta, thionsclaíoch, pholaitíuil agus mhileata na hÉireann le trí chéad bliain anuas. Ina theannta sin tugann an fhoireann aire do bhailiúcháin na n-ealaón maisiúil Gaelach, Eorpach agus Oirthearach a thugann léargas ar dhearadh agus ar chultúr an oirthir mar a bhaineann siad le hÉirinn.

#### EALAÍON AGUS TIONSCAL

Bliain bhisiúil ghnóthach ba ea 2005 don Roinn, go háirithe gcás taispeántas. Leanadh den obair ar thaispeántas na staire mileata i gcaitheamh na bliana. Rinneadh mórchuid taighde agus brostaíodh an obair ar an dearadh deiridh. Cuirteadh tú le hobair ar thaispeántas cothrosm nócha bliain Éiri Amach 1916. Ar na taispeántais shealadacha bhí Scéalta Bréagán; Ní Potaí Amháin: Ceirmeacht na hÉireann den 21ú hAois; Arnotts Ceramic Design Award do fhochéimithe ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh; Rosemount Wines Glass Design Award do fhochéimithe ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh; Solas agus Am – Blaín Hamilton; Clárseacha Luatha na hÉireann; Miotail Dearmadta na hÉireann: Scéal an Phéatair; Lá Fhéile Vailintín, taispeántas de chártaí Lá Fhéile Vailintín ó bhailiúcháin an Ard-Mhúsaem; Aoiseanna na Galántachta 1750 - 1950, Bailiúchán Éadaí Springhill, National Trust, Réigiún Thuaisceart na hÉireann. Chuidigh foireann na Roinne leis an taispeántas When Philip met Isabella, taispeántas taistil de hataí de chuid Philip Treacy ón Músaem Dearaidh, Londain, agus The Endurance: Shackleton's Legendary Antarctic Expedition, taispeántas taistil ó American Museum of Natural History.

Ar na déantáin ba thábhacthaí a ceannaiodh sa bhliain 2005 bhí breiseanna ar na bailiúcháin chomhaimseartha Seodra, Gloine agus Ceirmeacha a rinneadh i gcomhar le Comhairle Ceardaíochta na hÉireann. Cuirteadh breiseanna leis an mbailiúchán Troscáin Seanré lena n-áirítear clog cásfhada le Bull and Jervis, Port Láirge, timpeall 1830, caibinéad secrétaire le Gillingtons, Baile Átha Cliath, timpeall 800 agus bord console le Arthur Jones and Sons, Baile Átha Cliath, timpeall 1850. Déantán eile a ceannaiodh ná Foireann Bhricfeasta Bhéal Leice a phéinteáil Eugene Sheerin; lármhír boird Bhéal Leice den 1ú tréimhse; dealbhóireacht ghloine le Caroline Madden; dealbhóireacht ghloine le Róisín De Buitléar; babhla puinse ceirmeach le Ann Marie Robinson; 4 photo ceirmeach le Robert Monaghan; rób droma airgid i mbroicéad saque ón 18ú shaois; culaithe snámha agus bróga ó na 1890idí; cultacha snámha ó na 1920idí, agus mála láimhe leathair, 2005, le Holden Leathergoods, Co. Chiarráí.

# THE ENDURANCE

Shackleton's Legendary  
Antarctic Expedition

ENDURANCE

Shackleton's Legendary  
Antarctic Expedition





## ART AND INDUSTRY

The Historical Collections were augmented by several important purchases and donations of 1916 and Civil War memorabilia. A wide range of militaria was also donated for the Military History exhibition, following a very successful national appeal.

Donations included a collection of ten lace designs on card by Hilda Gray, at the Metropolitan School of Art, Dublin, about 1911/12; a two-piece dress and matching bonnet, John Fitzgibbon (Drapers), Castlerea, Co. Longford, c.1885; a small collection of mostly Edwardian clothing from the late Mrs. Cecile Hicks; and the desk of W.T. Cosgrave, first president of the Executive Council of the Irish Free State.

Collections of buttons and badges were donated by Glenn Thompson and Seamus Kearns; a collection of material relating to Irish regiments in South Africa was donated by Colonel E.J. Watson; and three late 18th-century miniatures were donated by the Military History Society of Ireland. In all there were 93 acquisitions in the military history area.

The staff of the Division facilitated a great number of researchers and answered a wide variety of enquiries across the full range of the collections. They also contributed to radio and television programmes and published short articles on their respective subjects and collections. With regard to larger publications, the Silver Catalogue, *500 Years of Irish Silver*, was completed. Numerous lectures, talks and guided tours were given as the Division worked with the Education Department and Marketing Department to promote the collections.

In the area of collections care, a general documentation plan for the Division was put in place, and the cataloguing of the philatelic, military and Eileen Gray collections and the *What's in Store?* exhibition continued.

Cuireadh leis na Bailiúcháin Stairiúla chomh maith nuair a ceannaíodh agus nuair a bronnadh orainn roinnt cuimhneachán tábhachtacha ar Éirí Amach 1916 agus ar an gCogadh Cathartha. Bronnadh raon leathan giúirléidi le haghaidh an taispeántais Staire Míleata tar éis achairí náisiúnta a dhéanamh.

Ar na nithe a bronnadh bhí bailiúchán de 10 ndearadh lásá ar chárta le Hilda Gray, ag an Metropolitan School of Art, Baile Átha Cliath, timpeall 1911/12; gúna ina dhá chuid agus boinéad a ghabh leis, John Fitzgibbon (Drapers), An Caisleán Riabhach, Co. an Longfoirt, c. 1885; bailiúchán beag d'éadaí Éadbhardacha den chuid is mó ó Mrs. Cecile Hicks nach maireann agus deasc de chuid Liam Mhic Coscair.

Bhronn Glenn Thompson agus Seamus Kearns bailiúcháin cnaipí agus suaitheantas, bhronn an Coirnéal E.J. Watson bailiúchán ábhair a bhain le Reisimintí Éireannacha san Afraic Theas agus bhronn Cumann Stair Mhileata na hÉireann trí cinn de mhionphictiúir ó dheireadh an 18ú haois. San iomlán fuarthas 93 déantán i réimse na staire mileata.

D'éascaigh foireann na Roinne lón mór taighdeoirí agus d'fheagair fiosruithe éagsúla maidir le gach ceann de na bailiúcháin. Bhí siad páirteach i gcláir raidió agus theilifís chomh maith agus d'fhoilsigh ailt ghearra ar a n-ábhair agus ar a mbailiúcháin féin. I réimse na bhfoilseachán mór, tugadh an Chatalóg Airgid -- 500 Years of Irish Silver -- chun críche chomh maith. Tugadh léachtaí, cainteanna agus turais threoraithe iomadúla mar chuid de chomhoibriú na Rannóige leis an Rannóg Oideachais agus Margaochta chun na bailiúcháin a chur chun cinn.

Maidir le cúram na mbailiúchán, ceapadh plean doiciméadaithe ginearálta don Rannóg agus leanadh den gcatalógú ar na bailiúcháin stampaí, míleata, déantán de chuid Eileen Gray agus an taispeántas 'Cad atá sa Stór?

## EALAÍON AGUS TIONSCAL



## IRISH ANTIQUITIES

The Division is responsible for the archaeological heritage of Ireland. In addition to managing substantial collections of Ethnographical, Classical and Egyptian material, the staff control and manage over two million archaeological objects.

The most notable acquisition in 2005 was an Early Bronze Age gold lunula. Other interesting acquisitions were a Roman coin (Gallienus AD 253-268) from Ballyduff East, Co. Waterford; a splendid basal-looped spearhead from the river Shannon at Clonbrusk, Co. Westmeath; a socketed axe head from Monaincha, Co. Tipperary; a rare Bronze Age dagger from the river Boyne, Co. Louth; and an unusual late medieval stone finial from Co. Tipperary. Stone Age tools and weapons included flint arrowheads and scrapers, and a stone axe head. Two bog bodies were found in Co. Roscommon, at Derrycashel and Cloonshannagh, and other ancient human remains were acquired from sites in counties Mayo, Limerick, Laois, Galway and Roscommon. Two finds of bog butter were acquired from Derryvilla and Ballybeg, Co. Tipperary. Other finds included a wooden vessel, a quern stone, a pike head and cannonballs. An illegally exported cannon, originally found on a Tudor wreck in Tramore Bay, was returned from Britain.

The exhibition *Glass and Ceramics from Ancient Cyprus* opened in October, displaying objects from the National Museum's collection and five objects on loan from The Cyprus Museum, Nicosia. An ogham stone from Killincormac was added to the Treasury exhibition. A medieval paten called the Mias Tighearnáin was displayed in the National Museum of Ireland - Country Life, and other items were loaned for display at the same location in the *Religion and Magic* exhibition. Pewter objects were loaned for an exhibition in Collins Barracks, Bronze Age gold artefacts were displayed in Cork Public Museum and other domestic loans went to Monaghan Museum, the Classical Museum, UCD and heritage centres in Kells and Glendalough. Objects were loaned to museums in France, Germany, Denmark and Japan. Remedial work was undertaken on existing exhibitions, and preparatory work was undertaken for four planned NMI exhibitions and four proposed loans.

Staff worked as part of a multi-disciplinary team of 35 international specialists to undertake analysis of two Iron Age bog bodies from Old Croghan, Co. Offaly, and Clonycavan, Co. Meath, respectively, a Bronze Age bog body from Derrycashel, Co. Roscommon, and a bog body from Cloonshannagh, Co. Roscommon, that may date to the seventeenth century.

Tá cúram ar an Roinn i leith oidhreacht seandálaíoch na hÉireann. Le cois bhainistiú na mórbhailiúchán ábhar eitneagrafach, claisiceach agus Éigipteach rialaíonn agus bainistíonn an fhoireann breis is dhá mhilliún déantán seandálaíoch.

Sa bhliain 2005 ba é luanla óir ón gCré-umhais Luath an frith ba thábhactaí. Fríotha tábhachtacha eile ab ea bonn Rómhánach (Gallienus AD 253-268) ón mBaile Dubh Thoir, Co. Phort Láirge, ceann sleá bonnlúbha i riocht an-mhaith ó abha na Sionainne ag Móin na hInse, Co. Thiobraid Árann, miódóig thearc ón gCré-umhais ó abhairnna na Bóinne, Co. Lú, agus ceannchríoch cloiche neamhghnách óna meánaoiseanna déanacha ó Chontae Thiobraid Árann. Ar na huirlí agus na hairm ón gClochaois a aimsiodh bhí rinn saighde agus scríobairi breochloiche, agus ceann tua cloiche. Aimsiodh dhá cheann de choirp phortaigh i gCo. Ros Comáin ag Doire Caisil agus Cluain Sionnach agus iarsmaí daonna eile ag láithreacha i Maigh Eo, Luimneach, Laois, Gaillimh agus Ros Comáin. Aimsiodh dhá fhrith d'im portaigh ag Doire an Bhile agus An Baile Beag, Co. Thiobraid Árann. Fríotha eile ab ea soitheach adhmaid, cloch bhró, ceann píce agus liathróidí gunnaí móra. Fuarthas ar ais ón mBreatain gunna mó a easpórtáladh go neamhdhleathach agus a fuarthas ar fhothrach loinge Túdarach i mbá na Trá Móire.

Oscláodh an taispeántas Gloine agus Ceirmeacht ón tSean-Chipir i nDeireadh Fómhair agus taispeánadh déantain ó bhailíúcháin an Mhúsaem agus cúig déantán a fuarthas ar iasachta ó Mhúsaem na Cipire, Nicosia. Cuireadh cloch oghaim ó Chillín Chormaic le taispeántas na Cistíochta. Cuireadh paiteana meánaoiseach dar teideal Mias Tighearnáin ar taispeáint in Ard-Mhúsaem na hÉireann - Saol na Tuaithe mar aon le déantán eile a tugadh ar iasachta le taispeáint ar an láthair chéanna sa taispeántas Creideamh agus Draíocht. Fuarthas déantán péatair ar iasachta do thaispeántas ag Dún Uí Choileáin. Cuireadh déantán óir ón gCré-umhais ar taispeáint i Músaem Poiblí Chorcaí agus tugadh déantán eile ar iasachta do Mhúsaem Mhuineacháin, don Mhúsaem Claisaiceach, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus d'ionaid oidhreachta i gCeannanas agus i nGleann Dá Loch. Tugadh déantán eile ar iasachta do mhúsaem sa Fhraing, sa Ghearmáin, sa Danmháirg agus sa tSeapáin. Tugadh faoi obair dheisiúcháin ar thaispeántais a bhí cheana ann agus réamhobair ar cheithre cinn de thaispeántais a bhí pleánalte ag an Músaem agus ar cheithre cinn d'iasachtaí beartaithe.

## SEANIARSMAÍ ÉIREANN





Fieldwork was undertaken, and staff collaborated with the BBC Timewatch unit in the production of a major documentary (screened in January 2006).

Work continued on the Dublin Post Excavation project, including the preparation of reports on pottery, wooden vessels, metalworking, artifacts of bone, antler and ivory, leather sheaths and scabbards. Work also continued on the Fishamble Street stratigraphical matrices and report.

Work on the Unpublished Burials Project continued; human remains reports were edited while the preparation of illustrations and text is ongoing. Text of the late Roman and Byzantine Catalogue was finalised and the database completed. Exhibition material was selected and exhibition texts were prepared. Text for the Kildare Street Guide was completed and image selection undertaken. A format for publishing the report of the Lough Derravaragh Project was agreed and editing commenced.

As part of the Lough Kinale Crannóg Project, photographic images and a catalogue of finds, accompanying text and historical overview were completed. Further methods of analyses of samples from ores and objects as part of the Prehistoric Gold Research Group were explored, and research undertaken on Irish material in the British Museum. Artefacts in the Viking Graves Project were examined by x-ray, and preparation of text and illustrations undertaken. Identification of antiquities to be conserved and photographed as part of the Tully Lough Project began.

The Museum has facilitated a project to analyse and radiocarbon-date bog butter in the collection. Publication of preliminary results will include a contribution from NMI staff. An application was made to the Heritage Council for funding to publish the archaeological finds from Lough Ennell.

Fieldwork, prompted by reports of archaeological discoveries, was undertaken in counties Cork, Dublin, Galway, Kerry, Kildare, Laois, Limerick, Mayo, Meath, Offaly, Roscommon, Sligo, Tipperary and Westmeath. Find places were investigated and documented, and objects were relayed to the NMI.

*D'oibrigh an fhoireann mar chuid d'fhoireann ildaiscipline de 35 saineoláí idirnáisiúnta chun analís a dhéanamh ar dhá cheann de choirp phortaigh ón larnaois a fuarthas ag An gCruachán, Co. Uíbh Fhaillí, agus Cluain an Chabháin, Co. na Mi, corp portaigh ón gCré-umhaois ag Doire Caisil, Co. Ros Comáin, agus corp portaigh eile ag Cluain Sionnach, Co. Ros Comáin a d'fhéadfadh a bheith ann ón seachtú haois déag. Rinneadh obair allamhúigh agus chomhoibrigh an fhoireann le haonad Timewatch de chuid an BBC chun clár fainseáise a léiriú (a craoladh in Eanáir 2006).*

*Leanadh den obair ar thionscadal larthochailte Bhaile Átha Cliath ar a áiríodh tuairiscí a ullmhú mar gheall ar photaireacht, shiothí adhmaid, mhíotalóireacht, dhéantáin cnáimh, bhinn agus eabhrach, sciatha agus truaillí leathair.*

*Leanadh den obair ar mhairtí strataghrafacha agus tuarscáil Shráid Fishamble agus ar Thionscadal na nAdhlacthaí Neamhfoilsithe. Rinneadh eagarthóireacht ar thuairiscí ar iarsmaí daonna, agus bhí léaráidí agus téacs á n-ullmhú i gcónaí. Tugadh an téacs agus an bunachar sonraí don Roman and Byzantine Catalogue chun críche. Roghnaíodh ábhar an taispeántais agus ullmhaiodh na téacsanna.*

*Tugadh téacs do Threoir Shráid Chill Dara chun críche agus roghnaíodh na pictiúir. Aontaíodh leagan amach don tuarscáil ar Thionscadal Loch Dairbhreach agus cuireadh túis leis an eagarthóireacht.*

*Maidir le Tionscadal Chrannóg Loch cinnéile roghnaíodh grianghraif, tiomsaiodh catalóg fríotha, agus tugadh an téacs agus an forléargas stairiúil chun críche. Scrúdaíodh bealaí eile le hanailís a dhéanamh ar shamplaí de mhianaigh agus de dhéantáin mar chuid den Ghrúpa Taighde ar Ó Réamhstairiúil agus tugadh faoi thaighde ar ábhar Éireannach i Músaem na Breataine. Scrúdaíodh déantáin i dTionscadal na nUaigneanna Lochlannacha le x-gha agus ullmhaiodh téacs agus léaráidi. Tosaíodh ar ársafochtá a roghnú chun iad a chaomhnú agus grianghraif a thógáil diobh mar chuid de Thionscadal Loch an Tuile.*

*D'éascaigh an Músaem tionscadal chun analís agus dátáil radacarbóin a dhéanamh ar im portaigh sa bhaillíúchán. Beidh ionchur ó fhoireann an Mhúsaem mar chuid de na réamhthortháí a fhoilseofar. Rinneadh iarratas ar an gComhairle Oidhreachta le haghaidh maoiniú chun fríotha seandálaiochta ó Loch Ainninn a fhoilsiú.*

Staff represented the NMI on the Bord na Móna Archaeological Liaison Committee and on the Steering Group of the City Walls Conservation Plan, Dublin City Council (awarded the Irish Planning Institute Conservation Award for 2005). The total number of licences and consents processed during the year was as follows: Excavation 1440; Dive/Survey 125; Detection Device 175; Licences to Export 303; and Licences to Alter 353.

Researchers and students were provided with access to the collections and archives. Student Interns and Transition Year students were facilitated and trained. Staff lectured widely at conferences, third level colleges, and local societies throughout the country. Staff attended various training courses, seminars and conferences and published a number of papers on aspects of the collections.

Documentation of the collections was undertaken and a number of registers were scanned digitally to provide greater access to archival information. A wide range of queries was dealt with. There was liaison with An Garda Síochána relating to illegal metal detecting, illegal wreck diving and excavation, and illegal export and alteration of archaeological objects. Staff gave evidence in two court cases that resulted in prosecutions.

Tugadh faoi obair allamuigh i gcontaetha Chorcaí, Bhaile Átha Cliath, na Gaillimhe, Chiarráí, Chill Dara, Laoise, Luimnígh, Mhaigh Eo, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Shligeigh, Thiobraid Árann agus na hInniscí, mar fhreagairt ar thuairiscí mar gheall ar fhriothá Seandálaíochta. Imscrúdaíodh agus doiciméadaíodh láithreacha fríotha agus aistríodh déantán chuig Ard-Mhúsaem na hÉireann.

D'fhreastail an fhoireann ar chruinnithe iomadúla maidir le gnéithe éagsúla de sheandálaíocht forbairt-threoraithe agus bhí an-chuid caidrimh idir an Músaem agus foireann na hSeirbhíse Náisiúnta Séadchomharthaí agus le seandálaithionscadail An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta maidir le tochaití agus saincheisteanna iarthochailte. Bhí comhaltaí den fhoireann mar ionadaithe de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann ar Choiste Idirchaidrimh Seandálaíochta Bhord na Móna agus ar an nGrúpa Stiúrtha de Phlean Caomhnaithe Bhallaí na Cathrach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (a bhain Gradam Caomhnaithe Institiúid Phleanála na hÉireann don bhlíain 2005). Ba iad seo a leanas uimhir iomlán na gceadúnas agus na gcead a próiseáladh i gcaitheamh na bliana: Tochait 1440; Tumadh/Suirbhé 125; Gléas Braite 175; Ceadúnais Easpórtála 303 agus Ceadúnais chun Athraithe 353

Tugadh rochtain ar bhailiúcháin agus ar chartlanna do thaighdeoirí agus do mhic léinn. Glacadh le hintéirnigh agus le daltaí Idirbhílanna agus oileadh iad. Thug an fhoireann léachtaí ag comhdhálacha, coláistí tríú leibhéal, agus cumainn áitiúla ar fud na tíre. D'fhreastail comhaltaí den fhoireann ar chúrsaí oiliúna, sheimineáir agus chomhdhálacha agus foilsíodh páipéis éagsúla ar ghnéithe de na bailiúcháin.

Tugadh faoi dhoiciméadú na mbailiúchán agus scanadh roinnt clárleabhar go digiteach chun go mbeidh teacht níos forleithne ar an eolas atá sna cartlanna. Freagraíodh fiosruithe ar rogha leathan ábhar. Rinneadh idirchaidreamh leis an nGarda Síochána maidir le brathadóirí miotail neamhdhleathacha, tumadh agus tochaití neamhdhleathacha ar fhothracha agus athrú ar dhéantán seandálaíocha. Thug comhaltaí foirne fianaise in dhá cheann de chásanna cúirte asar lean ionchúisimh.



## IRISH FOLKLIFE

The Division houses the national collections of objects representing Irish traditional life, dating principally from the period 1850 to 1950. Two temporary exhibitions were mounted during the year. *Magic and Religion*, an exhibition on popular religion to mark the centenary of the building of the oratory on the summit of Croagh Patrick, opened in May. It contained the early medieval Black Bell of St. Patrick (associated with pilgrimage to Croagh Patrick), finds from archaeological excavations on the summit and material from the Division's own collections associated with popular religion and superstition. *Sponges and Transfers : Early Cockery Patterns and Design*, which opened in December, displayed some of the large collection of sponge-ware and transfer ware mugs acquired in 2004. A selection of St. Brigid's and St. Patrick's Crosses from the collections was displayed during the spring. A temporary exhibition, *A Hive for the Honey Bee: A History of Beekeeping in Ireland*, was mounted in conjunction with the Ulster Folk and Transport Museum at the Apimondia international beekeeping convention, RDS Dublin, in August. The currachs exhibition at the Slovene Ethnographic Museum, Ljubljana was dismantled and will open at the Austrian Museum of Folklife and Folk Art, Vienna, in spring 2006.

A facsimile of the Book of Kells was placed on display in Turlough Park House. In June, the Museum hosted the Fourth Conference of the Agricultural History Society of Ireland (Cumann Stair Thalmhaiocht na hÉireann).

Some 400 objects of straw and wicker and a collection of trade banners were transferred from Daingean to storage in Turlough. Potentially hazardous materials were identified and disposed of. A report was compiled on remedial works required to be undertaken in the galleries of the Museum.


Pending the finalising of an acquisitions policy for the Division, acquisitions were restricted. Significant acquisitions during the year included a pair of mid-nineteenth century watercolours by Henry Parsons Riviere, 'St. Patrick's Day in the Morning' and 'St. Patrick's Day in the Evening', purchased at auction, and a number of patchwork quilts from Islandbridge, Dublin.

Coimeádtar an bailiúchá naisíunta de dhéantáin ó shaol na tuaithe sa roinn seo, agus dátáinn an bailiúchán go príomha on tréimhse 1850 go 1950. Gléasadh dhá cheann de thaispeántais shealadacha i gcaitheamh na bliana. Creideamh agus Draíocht, taispeántas de chreideamh na ndaoine a oscláodh i mí na Bealtaine mar cheiliúradh ar chéad bliain ó tógadhaireagal ar bharr Chruach Phádraig. Ar taispeáint ann bhí Clog Dubh Phádraig ó na meánaoiseanna luatha (a samhláiodh le hoilithreacht go Cruach Phádraig), friothá ó thochailte seandálaíochta ar bharr na Cruaiche chomh maith le hábhar ó bhailiúcháin an Rannáin féin a shamhlaítear le creideamh agus piseoga na ndaoine. Thaispeáin Spúinsí agus Aistrithe, a d'oscail i mí na Nollag, cuid den bhailiúchán mór spúinsearráí agus mugáil le haistrithe orthu a fuarthas sa bláin 2004. Cuireadh rogha de Chrois Bhríde agus Phádraig ó na bailiúcháin ar taispeáint i gcaitheamh an earraigh. Gléasadh taispeántas sealadach A Hive for the Honey Bee: A History of beekeeping in Ireland i gcomhar le Músaem Shaol na nDaoine agus lompair Uladh ag coinbhinsiún idirnáisiúnta beachaireachta Apimondia san RDS i mí Lúnasa. Baineadh anuas an taispeántas de churacha ag Músaem Eitneagrafaíochta na Slóivéine, Ljubljana agus osclóidh sé ag Músaem na hOstaire do Shaol agus Ealaín na Tuaithe, Vin, in earrach 2006.

Cuireadh macasamhail de Leabhar Cheannais ar taispeáint i dTeach Pháirc Thurlaigh. I mí an Mheithimh, d'óstáil an Músaem an 4ú Comhdháil de Chumann Stair Thalmhaiochta na hÉireann.

Aistríodh an bailiúchán de 400 déantán tuí agus caoladóireachta agus bailiúchán de mheirgí trádála ón Daingean go hionad stórála i dTurlach. Aithníodh agus cuireadh de láimh ábhair a d'fhéadfadh a bheith contúirteach. Tiomsaíodh tuarascaíl ar oibreacha feabhasí atá le déanamh i ngailearaithe an Mhúsaeim.

## SAOL TÍRE ÉIREANN
